



**An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Teimpléad polasaithe

Tacaíochtaí san ionad
oibre d'fhostaithe a bhfuil
foréigean teaghlaigh agus
drochíde sa teaghlach
á bhfulaingt acu





An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Women's  Aid

Clár na nÁbhar

1.	Maidir leis an bpolasaí seo	4
2.	Réamhrá	5
3.	Incháilitheacht	6
4.	An chaoi le rochtain a fháil ar fhorálacha an pholasaí seo	6
5.	Nochtadh	7
5.1	Ag obair ón mbaile	7
5.2	Nochtadh do chomhghleacaí	7
5.3	Gan aon cheanglas nochta	7
6.	Rúndacht	8
7.	Tacaíochtaí atá ar fáil	9
7.1	Saoire um fhoréigean teaghlaigh	9
7.2	Saoire speisialta	9
7.3	Sábháilteacht san ionad oibre	9
7.4	Atreoruithe	9
7.5	Cúnamh airgeadais	10
7.6	Cosaintí fostaíochta	10
7.7	Maidir le taifid a choinneáil	10
8.	Iompar san ionad oibre	11
9.	Múscailt feasachta agus oiliúint	11
10.	Athbhreithniú polasaí	12
11.	Polasaithe agus doiciméid ábhartha	12
Aguisín: Sainseirbhísí agus teagmhálaithe san ionad oibre		13

1. Maidir leis an bpolasaí seo

Clúdaíonn an polasaí seo an tacaíocht inmheánach agus sheachtrach atá ar fáil d'fhostaithe a bhí nó atá i ngreim ag foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach, nó sa chás go bhfuil an fostaí ag tacú le duine iomchuí. Cuimsíonn an polasaí forálacha ábhartha den Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023, a thugann saoire um fhoréigean teaghlaigh isteach.

Is é cuspóir an pholasaithe:

- Déan soláthar do thréimhse ama íoctha ar shiúl ón obair d'fhostaí atá nó a bhí ag fulaingt foréigin teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach nó atá i mbaol a bhfulaingthe.
- Cultúr san ionad oibre a chur chun cinn a éascaíonn nochtadh drochíde sa teaghlach.
- Tacú le fostaíthe trí raon forálacha polasaithe, lena n-áirítear saoire le pá.
- Tacú le fostaíthe atá ag fulaingt de bharr foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach chun fostaíocht a choinneáil.
- Timpeallacht oibre shábháilte a chur chun cinn do gach ball foirne.



2. Réamhrá

Is ceist an-fhorleathan in Éirinn é foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach. Tá [\[an fostóir\]](#) tiomanta do thacaíocht a thairiscint d'fhostaithe a mbaíneann sé leo.

leis an bpolasaí seo agus i gcomhréir leis an Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, sainmhínítear foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach mar: foréigean teaghlaigh, nó bagairt foréigin, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus gníomhartha smachtaithe comhéigneacha a dhéanann duine eile i gcoinne fostaí nó duine iomchuí. Chun críocha incháilitheachta le haghaidh saoire um fhoréigean teaghlaigh (féach: [Saoire um fhoréigean teaghlaigh](#)) ní mór don 'duine eile':

- A bheith mar chéile nó mar pháirtí sibhialta an fostaí nó an duine iomchuí,
- A bheith mar chomhchónaitheoir ag an bhfostaí nó ag an duine iomchuí,
- Caidreamh gnéis a bheith idir é/í agus an fostaí faoi láthair nó roimhe seo nó idir é/í agus duine iomchuí, nó
- A bheith ina leanbh de chuid an fostaí nó an duine iomchuí atá lánaosta agus nach duine cleithiúnach é nó í i ndáil leis an bhfostaí nó leis an duine iomchuí.

Is éard is 'duine iomchuí' i ndáil le fostaí ná:

- Céile nó páirtí sibhialta an fostaí,
- Comhchónaitheoir an fostaí,
- Duine a bhfuil caidreamh gnéis idir é/í agus an fostaí,
- Leanbh de chuid an fostaí nach bhfuil aois iomlán slánaithe aige nó aici, nó
- Duine ar duine cleithiúnach é nó í i ndáil leis an bhfostaí.

Cuireann drochíde sa teaghlach isteach go mór ar dhaoine a bhfuil greim aige orthu, rud a d'fhéadfadh a chur isteach ar a gcuid oibre freisin. D'fhéadfadh freastal, feidhmíocht agus táirgiúlacht an fhostaithe ag an obair a bheith thíos leis. I gcásanna áirithe, is féidir le drochíde tarlú le linn am oibre nó trí bhealaí cumarsáide oibre. Is féidir leis an ionad oibre a bheith ina áit sábháilteachta agus tacaíochta freisin. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le fostaíocht agus ioncam neamhspleách a choinneáil mar bhonn téarnaimh.

Is féidir le foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach a bheith ann laistigh d'aon chaidreamh, cé gur mná is mó a bhíonn thíos leis go díreireach. Tá an polasaí seo infheidhme i ngach cás beag beann ar ghnéas, inscne nó gnéasacht.

3. Incháilitheacht

Baineann an polasaí seo le gach fostaí de chuid [\[an fhostóra\]](#). Níl aon seirbhís iosta ag teastáil chun cáiliú do shaoire reachtúil um fhoréigean teaghlaigh. Féadfaidh fostaí saoire den sórt sin a thógáil má tá foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach á bhfulaingt aige/aici go pearsanta, nó má tá tacaíocht á tabhairt aige/aici do 'dhuine iomchuí' (féach: [Réamhrá](#)). Áirítear leis an bhforéigean teaghlaigh lena mbaineann na tacaíochtaí eispéiris atá ar siúl faoi láthair, chomh maith le heispéiris roimhe seo.

4. An chaoi le rochtain a fháil ar fhorálacha an pholasaí seo

[Cuirtear isteach ag an bhfostóir na sonraí maidir leis an bpróiseas nach mór d'fhostaí a leanúint chun leas a bhaint as na forálacha polasaithe]

Moltar d'fhostaí a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as tacaíocht fostóra faoin bpolasaí seo an cheist a ardú le duine cuí. Tá príomhról ag an duine/na daoine seo a leanas ('duine/daoine ainmnithe') sa chuideachta maidir le freagairt do nochtadh foréigin teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach. Ní mór oiliúint chuí a bheith faighte acu maidir le freagairt do nochtadh, forálacha an pholasaithe, agus a dteorainneacha maidir le tacaíocht a chur ar fáil (féach: [Múscailt feasachta agus oiliúint](#)).

- [Le cur in oiriúint ag an bhfostóir de réir méid agus struchtúr na heagraíochta. Ag brath ar mhéid na heagraíochta d'fhéadfadh an duine seo a bheith ina: B(h)ainisteoir líne dhíreach, (h)Ionadaí Acmhainní Daonna, (h)úinéir/b(h)ainisteoir gnó, pointe/pointí teagmhála nó bealaí ainmnithe inmheánacha eile].*

5. Nochtadh

Déanfaidh an duine a fhreagraíonn do nochtadh an méid seo a leanas:

- Éist agus freagair ar bhealach neamhbhreithiúnach agus atruach.
- Tacú leis an bhfostaí a c(h)inntí féin a dhéanamh.
- Tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil de réir mar is cuí (féach: [Tacaíochtaí atá ar fáil](#)).

De réir an dea-chleachtais sa bhainistíocht, tá sé de fhreagracht ar an mbainisteoir a bheith aireach ar fholláine a mball foirne, agus ar shaincheisteanna a chuireann isteach ar fholláine. I gcás ina bhfuil inní ar bhainisteoir maidir le folláine, féadfaidh an bainisteoir, más cuí:

- Smaoinigh ar cheisteanna oscailte a chur i suíomh príobháideach chun ligean don fhostaí a c(h)ás a nochtadh dá mba mhian leis/léi é sin a dhéanamh.
- Tacaíocht a lorg ó dhuine ainmnithe nó an fostaí a atreorú chuig duine ainmnithe, sa chás go bhfuil duine sa chuideachta, agus aird á tabhairt ar rúndacht (féach: [Rúndacht](#)).
- Sa chás go ndéantar nochtadh, déan an tacaíocht atá ar fáil a chur ar fáil agus tacaigh leis/léi teacht uirthi de réir mar is cuí (féach: [Tacaíochtaí atá ar fáil](#)).

5.1 Ag obair ón mbaile

D'fhéadfadh obair ón mbaile a chur isteach go holc ar fhostaithe a fhulaingíonn drochíde sa teaghlach. Tá sé tábhachtach go mbíonn bainisteoirí airdeallach ar fholláine na bhfostaithe nuair a bhíonn siad ag gabháil de chianobair. Ba cheart cuimhneamh air seo, agus ar thosca ábhartha eile, nuair is mian le fostaithe gan a bheith ag gabháil de chianobair (fiú má spreagann an fostóir é de ghnáth). Nuair is féidir, spreagfar deiseanna chun oibriú in áit fhisiciúil eile agus déanfar iarratais a éascú.

5.2 Nochtadh do chomhghleacaí

Má nochtann fostaí do chomhghleacaí, déileálfadh an comhghleacaí leis an nochtadh ar bhealach tacúil, neamhbhreithiúnach agus rúnda agus cuirfidh sé/sí an polasaí seo ar a shúile don fhostaí nocht. Níor cheart don fhostaí a fhaigheann an nochtadh aon fhaisnéis a chomhroinnt le daoine eile, lena n-áirítear bainisteoirí nó duine ainmnithe eile laistigh den chuideachta, gan toiliú an duine aonair nocht, ach amháin i gcásanna thar a bheith teoranta. (féach: [Rúndacht](#)).

5.3 Gan aon cheanglas nocht

Ar mhaithe le soiléireacht, ní bhíonn aon oibleagáid riamh ar fhostaí a nochtadh go bhfuil foréigean teaghlaigh á fhulaingt aige/aici faoi láthair nó gur fhulaing sé/sí foréigean teaghlaigh roimhe seo.



6. Rúndacht

Ba cheart foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach a phlé i gcónaí i spás príobháideach agus rúnda. Coinneofar an fhaisnéis go léir maidir le foréigean teaghlaigh faoi rún agus comhroinnfear í ar bhonn riachtanais amháin agus go hidéalach le toiliú an fhostaí lena mbaineann. Mar shampla, d'fhéadfaí faisnéis a chomhroinnt le comhghleacaithe ar gá dóibh plean sábháilteachta san ionad oibre a chur i bhfeidhm nó le baill foirne riaracháin a dhéileálann le foréigean teaghlaigh/saoire speisialta. Ní chomhcomhroinnfear ach an fhaisnéis is gá chun na ról/tascanna sin a chur i gcrích.

Féadfaidh [\[an fostóir\]](#) an méid seo a leanas a choinneáil i gcomhad pearsanra an fhostaí:

- Sonraí an phlean sábháilteachta comhaontaithe san ionad oibre (féach: [Sábháilteacht san ionad oibre](#))
- Sonraí riaracháin amhail foréigean teaghlaigh/saoire speisialta (féach: [Saoire um fhoréigean teaghlaigh](#) agus [Saoire speisialta](#))
- Sonraí faoi mhí-úsáid a tharlaíonn san ionad oibre/gar dó nó trealamh san ionad oibre a úsáid (féach: [Maidir le taifid a choinneáil](#))

Stórálfar na taifid thuas go slán, coinneofar faoi rún daingean iad, agus ní choinneofar iad ach chomh fada agus is gá.

Ceanglaítear ar chomhghleacaithe a ndéantar nochtadh dóibh (ar dtús nó mar chuid den bhainistíocht riosca) rúndacht a choinneáil. D'fhéadfadh nochtadh míchuí faisnéise a bheith faoi réir gníomh araíonachta.

Tá ócáidí teoranta ann nach féidir rúndacht a choinneáil. Sa chás:

- go bhfuil ceanglas ann faoin dlí.
- Nuair a ordaíonn cúirt é.
- I gcás inar gá an fhaisnéis a chomhroinnt chun sábháilteacht fostaithe agus an phobail a chosaint.

Sna cúinsí seo, cuirfear an fostaí ar an eolas faoi na cúiseanna nach féidir rúndacht a choinneáil, comhroinnfear an fhaisnéis ar bhonn riachtanais amháin, agus déanfar cúram chun a chinntiú nach gcuireann comhroinnt faisnéise an fostaí i mbaol méadaithe. In aon cheann de na cásanna seo nach féidir rúndacht a choinneáil, spreagfar an fostaí chun teagmháil a dhéanamh le sainseirbhís um dhrochíde sa teaghlach chun tacaíocht a fháil.

7. Tacaíochtaí atá ar fáil ¹

7.1 Saoire um fhoréigean teaghlaigh

De réir fhorálacha an Achta, tá fostaithe i dteideal am saor le pá ('saoire um fhoréigean teaghlaigh') ar feadh suas le cúig lá in aon 12 mhí as a chéile.

Is é cuspóir na saoire a chur ar chumas fostaí a bhfuil foréigean teaghlaigh á fhuilaint aige/aici, nó fostaí a thacaíonn le 'duine iomchuí' aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cóir leighis a lorg;
- Seirbhísí a fháil ó eagraíocht seirbhísí íospartaigh;
- Comhairleoireacht shíceolaíoch nó ghairmiúil eile a fháil;
- Le hathlonnú go sealadach nó go buan;
- Ordú a fháil faoin Acht um Fhoréigean Baile, 2018;
- Comhairle nó cúnamh a lorg ó chleachtóir dlí;
- Cúnamh a lorg ón nGarda Síochána;
- Aon seirbhísí ábhartha eile a lorg nó a fháil.

Cé gur fearr réamhfhógra faoin tsaoire, i gcúinsí áirithe, b'fhéidir nach bhféadfaí é sin a dhéanamh. Mar sin féin, ba cheart d'fhostaí fógra a thabhairt dá b(h)ainisteoir go bhfuil sé ar intinn aige/aici saoire um fhoréigean teaghlaigh nó saoire eile a thógáil nó fanacht air chun na críche sin a luaithe agus is féidir le réasún.

7.2 Saoire speisialta

Sa chás go dteastaíonn saoire ó fhostaí sa bhreis ar an tsaoire reachtúil um fhoréigean teaghlaigh, féadfar saoire speisialta bhreise a éascú, le pá nó gan phá, chun na gcríoch céanna lena mbaineann saoire um fhoréigean teaghlaigh.

7.3 Sábháilteacht san ionad oibre

Éilíonn an cur isteach agus an baol a bhaineann le foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach freagra a dhíríonn ar shábháilteacht. Tar éis nochtadh, rachaidh bainisteoir nó duine ainmnithe eile, sa chás go bhfuil duine sa chuideachta, i gcomhairle leis an bhfostaí maidir lena riachtanais sábháilteachta san ionad oibre agus timpeall air. Ag brath ar chúinsí aonair, áirítear na nithe seo a leanas ar bhearta sábháilteachta a d'fhéadfaí a mholadh:

- Athruithe sealadacha (faoi réir athbhreithnithe) ar dhualgais oibre, suíomh, sonraí teagmhála, uaireanta agus patrúin oibre.
- Measúnú riosca ar an ionad oibre don fhostaí lena mbaineann, d'fhostaithe eile agus do chliant de réir mar is cuí.
- Bearta slándála feabhsaithe ar áitribh nó ar láithreacha oibre eile, ag taisteal chuig/ón obair, agus ar threalamh a bhaineann leis an obair.
- Eolas ar thairiscint shainseirbhísí tacaíochta don fhostaí lena mbaineann (féach: [Aguisín: Sainseirbhísí agus teagmhálaithe san ionad oibre](#)).

Caithear leis an bplean sábháilteachta san ionad oibre seo faoi rún agus comhroinnfear é ar bhonn riachtanais (féach: [Rúndacht](#)).

Sa chás go bhfuil bagairt thromchúiseach ann do shaol nó do shláinte duine, déanfaidh an fostóir beart chun aghaidh a thabhairt ar an riosca seo (féach: [Rúndacht](#)).

7.4 Atreoruithe

Tá liosta shaineagraíochtaí um dhrochíde sa teaghlach ar fáil in [Aguisín: Sainseirbhísí agus teagmhálaithe san ionad oibre](#). Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil d'fhostaithe a nochtann drochíde sa teaghlach. Nuair is cuí, tacófar leis an bhfostaí chun rochtain a fháil ar spás fisiciúil sábháilte agus ar mhodh cumarsáide chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí seo.

¹ Nóta don dréachtóir: Is teidlíocht reachtúil í saoire um fhoréigean teaghlaigh agus ní mór í a chur san áireamh i bpolasaí ionaid oibre um fhoréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach. Ní riachtanais reachtúla iad gach tacaíocht eile sa chuid seo; luíonn an cinneadh le iad a chur isteach, cé go moltar sin, faoin bhfostóir.

7.5 Cúnamh airgeadais

Déanfar tacaíocht airgeadais ábhartha d'fhostaithe a mheas, amhail:

- Réamhíocaíocht tuarastail
- Athrú tapa ar shocrúithe agus modh chun tuarastal a íoc (e.g. sonraí baincéireachta)

7.6 Cosaintí fostaíochta

Is féidir le foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach a chur isteach ar thinreamh oibre, ar fheidhmíocht agus ar tháirgiúlacht. I gcásanna ina nochtann fostaí drochíde sa teaghlach, tacófar leis an bhfostaí le cosaint shealadach ar dhífhostú nó ar ghníomhartha díobhálacha eile má bhíonn deacrachtaí aige/aici tascanna a dhéanamh ag an obair. Cuirfear athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar spriocanna feidhmíochta nó ualach oibre an fhostaí i gcrích agus cur isteach an drochíde á meas.

7.7 Taifid a choinneáil

D'fhéadfadh taifid d'aon chineál drochíde, lena n-áirítear stalcaireacht nó ciapadh an fhostaí san ionad oibre, a bheith tacúil don fhostaí má chinneann se/sí sásamh a lorg tríd an gcóras ceartais. Mar sin, tacófar leis an bhfostaí aon taifid den sórt sin a choinneáil ar iarratas uaidh/uaithi.

Déanfar aon taifid a choimeádann an fostóir a stóráil go slán agus coimeádfar faoi rún daingean iad (féach: [Rúndacht](#)).



8. Iompar san ionad oibre

Coinneofar fostaithe cuntasach as a n-iompar san ionad oibre, in am oibre, nó trí threalamh oibre. Sa chás go ndéantar foréigean teaghlaigh agus drochíde sa teaghlach san ionad oibre, féadfar nósanna imeachta araíonachta a agairt le smachtbhannaí féideartha suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh, de réir an pholasaí araíonachta.

Beidh fostaithe a éascaíonn foréigean teaghlaigh go feasach, mar shampla trí rochtain a sholáthar ar threalamh nó ar fhaisnéis maidir le fostaí eile, amhail teagmhálaithe/suíomh/patrún aistrithe, faoi réir nósanna imeachta araíonachta.

D'fhéadfaí a thuairisciú gur tharla drochíde sa teaghlach, nó go bhfuil siad ag tarlú, i gcás gur fostaithe de chuid na heagraíochta céanna, nó fostaithe de chuid eintiteas éagsúil iad an dá pháirtí ach go bhfuil suíomh oibre á chomhroinnt acu. I gcásanna den sórt sin, ní mór socruithe ar leith a chur i bhfeidhm. Tá sábháilteacht agus folláine fíorthábhachtach, agus aithnítear ag an am céanna go bhfuil sé de cheart ag gach duine próiseas agus nós imeachta cothrom a bheith aige/aici.

9. Múscailt feasachta agus oiliúint

Reáchtálfar imeachtaí oiliúna agus feasachta, lena n-áirítear conas cásanna drochíde sa teaghlach a aithint, freagairt dóibh agus iad a atreorú chuig saineagraíochtaí más gá. Cuirfear acmhainní agus ábhar tacaíochta a bhaineann le drochíde sa teaghlach ar fáil, de réir mar is cuí.

Déanfar monatóireacht rialta ar líon, inscne agus dáileadh na ndaoine a fuair rochtain ar oiliúint chun a chinntiú go gcuirfear in áit aon saineolas a chailltear trí athraithe foirne.

10. Athbhreithniú polasaí

Coinneofar an polasaí seo faoi athbhreithniú chun aon athruithe sa reachtaíocht agus sa dea-chleachtas a chur san áireamh.

11. Polasaithe agus doiciméid ábhartha

Tá an polasaí seo ailínithe lenár bpolasaithe maidir le [\[fostóir chun tagairt a dhéanamh do pholasaithe ábhartha ar nós Dínit ag an Obair, Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta, Cód Iompair, etc.\]](#).

I measc na bpolasaithe ábhartha eile tá: [\[Fostóir chun polasaithe ábhartha reatha a chur san áireamh\]](#).



Aguisín: Sainseirbhísí agus teagmhálaithe san ionad oibre

Sainseirbhísí um Fhoréigean agus Drochíde sa Teaghlach

Cúnamh do Mhná

Reáchtálann Cúnamh do Mhná an Líne Chabhrach Saorghlao Náisiúnta 24 uair do mharthanóirí-íospartaigh a d'fhulaing foréigean teaghlaigh. Is féidir teacht ar thacaíocht freisin tríd an tSeirbhís Tacaíochta Teachtaireachtaí Meandaracha, atá ar fáil ar na láithreáin ghréasáin ábhartha.

1800 341 900

www.womensaid.ie

www.toointoyou.ie

Líonra Forbartha na bhFear

Reáchtálann Líonra Forbartha na bhFear an Líne Chomhairle d'Fhir, an Líne Chabhrach Saorghlao náisiúnta a chuireann comhairle agus tacaíocht rúnda ar fáil do mharthanóirí-íospartaigh ar fir iad a d'fhulaing drochíde sa teaghlach

1800 816 588

www.mensnetwork.ie

Seirbhísí áitiúla

Tá sainseirbhísí um dhrochíde sa teaghlach lonnaithe i mbailte ar fud na hÉireann. Is féidir teacht ar shonraí do sheirbhíse áitiúla trí na láithreáin ghréasáin seo.

www.safeirelagus.ie

www.stillhere.ie

www.womensaid.ie/get-help/support-services/find-support-locally/

Seirbhísí eile

Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath

Líne Chabhrach Náisiúnta um Fhoréigean Gnéasach 24 uair:

1800 77 8888

www.drcc.ie

LADT Éireann

Líne Chabhrach Náisiúnta LADT:

1800 929 539

www.lgbt.ie

Ionaid áitiúla géarchéime um éigniú

www.rapecrisishelp.ie

An Garda Síochána

112 nó 999

Teagmhálacha san Ionad Oibre

[\[Fostóir chun teagmhálaithe a chur leis\]](#)

[\[Fostóir chun teagmhálaithe a chur leis\]](#)

[\[Fostóir chun teagmhálaithe a chur leis\]](#)

[\[Fostóir chun teagmhálaithe a chur leis\]](#)



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

Women's  Aid